# CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/601 ÓN gCOIMISIÚN

## an 13 Marta 2023

## lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1668 a mhéid a bhaineann le caighdeáin chomhchuibhithe maidir le dearadh agus tástáil folúsghlantóirí atá le húsáid in atmaisféir a d'fhéadfadh a bheith pléascach agus ceanglais feidhmíochta brathadóirí le haghaidh gáis inadhainte

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 maidir le caighdeánú Eorpach, lena leasaítear Treoir 89/686/CEE agus Treoir 93/15/CEE ón gComhairle agus Treoracha 94/9/CE, 94/25/CE, 95/16/CE, 97/23/CE, 98/34/CE, 2004/22/CE, 2007/23/CE, 2009/23/CE agus 2009/105/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Cinneadh 87/95/CEE ón gComhairle agus Cinneadh Uimh. 1673/2006/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 10(6) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le hAirteagal 12 de Threoir 2014/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]), táirgí atá i gcomhréir le caighdeáin chomhchuibhithe nó le codanna de chaighdeáin chomhchuibhithe, caighdeáin ar foilsíodh na tagairtí dóibh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, glactar leis go bhfuil siad i gcomhréir leis na buncheanglais sláinte agus sábháilteachta a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Treoir sin, ceanglais a chumhdaítear faoi na caighdeáin chomhchuibhithe sin nó faoi na codanna sin díobh.

(2) Le litir BC/CEN/46-92 — BC/CLC/05-92 an 12 Nollaig 1994, d'iarr an Coimisiún ar an gCoiste Eorpach um Chaighdeánú (CEN) agus ar Choiste Eorpach na gCaighdeán Leictriteicniúil (Cenelec) caighdeáin chomhchuibhithe a dhréachtú agus a athbhreithniú chun tacú le Treoir 94/9/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]) ("an iarraidh"). Cuireadh Treoir 2014/34/AE in ionad na Treorach sin gan athrú a dhéanamh ar na buncheanglais sláinte agus sábháilteachta a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir 94/9/CE. Is in Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir 2014/34/AE a leagtar amach na ceanglais sin faoi láthair.

(3) Go háirithe, iarradh ar CEN agus Cenelec caighdeáin nua a dhréachtú maidir le dearadh agus tástáil trealaimh atá le húsáid in atmaisféir a d'fhéadfadh a bheith pléascach mar a léirítear i gCaibidil I den chlár caighdeánúcháin a comhaontaíodh idir CEN, Cenelec agus an Coimisiún, clár a cuireadh i gceangal leis an iarraidh. Ina theannta sin iarradh ar CEN agus Cenelec na caighdeáin atá ann cheana a athbhreithniú d'fhonn iad a ailíniú le buncheanglais sláinte agus sábháilteachta Threoir 94/9/CE.

(4) Ar bhonn na hiarrata, dhréachtaigh CEN caighdeán comhchuibhithe EN 17348:2022 — Ceanglais maidir le dearadh agus tástáil folúsghlantóirí atá le húsáid in atmaisféir a d'fhéadfadh a bheith pléascach. Rinne CEN leasú ar an gcaighdeán comhchuibhithe seo a leanas freisin, caighdeán ar foilsíodh an tagairt dó le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1668 ón gCoimisiún ([4]): EN 60079-29-1:2016 — Atmaisféir phléascacha — Cuid 29-1: Brathadóirí gáis — Ceanglais feidhmíochta brathadóirí le haghaidh gáis inadhainte. Is é an toradh a bhí air sin gur glacadh an dá leasú seo a leanas: EN 60079-29-1:2016/A1:2022 agus EN 60079-29-1:2016/A11:2022.

([1]) IO L 316, 14.11.2012, lch. 12.

([2]) Treoir 2014/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le comhchuibhiú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le trealamh agus córais chosanta atá ceaptha lena n-úsáid in atmaisféir a d'fhéadfadh a bheith pléascach (IO L 96, 29.3.2014, lch. 309).

([3]) Treoir 94/9/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Márta 1994 maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le trealamh agus córais chosanta atá ceaptha lena n-úsáid in atmaisféir a d'fhéadfadh a bheith pléascach (IO L 100, 19.4.1994, lch. 1).

([4]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1668 ón gCoimisiún an 28 Meán Fómhair 2022 maidir leis na caighdeáin chomhchuibhithe i dtaca le trealamh agus córais chosanta atá ceaptha lena n-úsáid in atmaisféir a d'fhéadfadh a bheith pléascach, caighdeáin a dréachtaíodh chun tacú le Treoir 2014/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 251, 29.9.2022, lch. 6).

(5) Caighdeáin EN 17348:2022 chomh maith le EN 60079-29-1:2016 arna leasú le EN 60079-29-1:2016/A1:2022 agus EN 60079-29-1:2016/A11:2022, rinne an Coimisiún measúnú i gcomhar le CEN féachaint an gcomhlíonann na caighdeáin sin an iarraidh.

(6) Comhlíonann caighdeáin chomhchuibhithe EN 17348:2022 agus EN 60079-29-1:2016 arna leasú le EN 60079-29-1:2016/A1:2022 agus EN 60079-29-1:2016/A11:2022 na ceanglais is aidhm dóibh a chumhdach, ceanglais a leagtar amach i dTreoir 2014/34/AE. Dá bhrí sin, is iomchuí na tagairtí do na caighdeáin sin agus na leasuithe ar chaighdeán EN 60079-29-1:2016 a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

(7) Cuirtear ar fáil le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1668, in Iarscríbhinn I a ghabhann leis, na tagairtí do na caighdeáin chomhchuibhithe lena dtugtar le fios go nglactar leis go bhfuil comhréir ann le Treoir 2014/34/AE. Maidir leis na tagairtí do na caighdeáin chomhchuibhithe a dréachtaíodh chun tacú le Treoir 2014/34/AE, chun a áirithiú go ndéanfar iad a liostú in aon ghníomh amháin, ba cheart na tagairtí do chaighdeáin chomhchuibhithe EN 17348:2022 agus EN 60079-29-1:2016 arna leasú le EN 60079-29-1:2016/A1:2022 agus EN 60079-29-1:2016/A11:2022 a chuimsiú san Iarscríbhinn sin.

(8) Is gá an tagairt do chaighdeán comhchuibhithe EN 60079-29-1:2016 a tharraingt siar as sraith L d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ós rud é gur leasaíodh é. Is iomchuí, dá bhrí sin, an tagairt sin a scriosadh as Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1668.

(9) Chun a ndóthain ama a thabhairt do mhonaróirí le haghaidh ullmhú do chur i bhfeidhm chaighdeán comhchuibhithe EN 60079-29-1:2016 arna leasú le EN 60079-29-1:2016/A1:2022 agus EN 60079-29-1:2016/A11:2022, is gá tarraingt siar na tagartha do chaighdeán comhchuibhithe EN 60079-29-1:2016 a chur siar.

(10) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1668 a leasú dá réir.

(11) Ón dáta a fhoilsítear an tagairt do chaighdeán comhchuibhithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, is rud é comhlíonadh an chaighdeáin sin a fhágann go nglactar leis go bhfuil comhréir ann leis na buncheanglais chomhfhreagracha a leagtar amach i reachtaíocht chomhchuibhithe an Aontais. Dá bhrí sin, ba cheart an Cinneadh seo a theacht i bhfeidhm lá a fhoilsithe,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1668 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm ag pointe (1) d'Iarscríbhinn I ón 17 Meán Fómhair 2024.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 13 Márta 2023.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN

*IARSCRÍBHINN*

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1668 mar a leanas:

(1) scriostar ró 82;

(2) cuirtear isteach an ró seo a leanas:

| | |
|---|---|
| “82a. | EN 60079-29-1:2016<br>Atmaisféir phléascacha — Cuid 29-1: Brathadóirí gáis — Ceanglais feidhmíochta brathadóirí le haghaidh gáis inadhainte<br>EN 60079-29-1:2016/A1:2022<br>EN 60079-29-1:2016/A11:2022”; |

(3) cuirtear isteach an ró seo a leanas:

| | |
|---|---|
| “92. | EN 17348:2022<br>Ceanglais maidir le maidir le dearadh agus tástáil folúsghlantóirí atá le húsáid in atmaisféir a d’fhéadfadh a bheith pléascach”. |